14 SEP 2022

313892-22

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

BUS CONNECTS
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

**FÓGRA I dTAOBH TRÉIMHSE BHREISE AMA LE hAGHAIDH AIGHNEACHTAÍ A DHÉANAMH MAIDIR LEIS AN SCÉIM CROÍCHONAIR BUS Ó BHAILE BHLAINSÉIR GO LÁR NA CATHRACH DE BHUN ALT 51(3) D'ACHT NA mBÓITHRE, 1993 (ARNA LEASÚ)**

# AN SCÉIM CROÍCHONAIR BUS Ó BHAILE BHLAINSÉIR GO LÁR NA CATHRACH

De thoradh an Fhógra a foilsíodh an 30 Meitheamh 2022 de bhun alt 51(3)(a) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) maidir leis an Scéim Croíchonair Bus ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach á chur in iúl go ndearna an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) iarratas faoi alt 51(2) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), chuig an mBord Pleanála ('an Bord') ar cheadú i ndáil le forbairt bhóthair bheartaithe arb é a bheidh inti:

maidir le tógáil na Scéime Croíchonair Bus ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach, ar scéim í atá thart ar 10.9 km ar fad ar an iomlán, tosaíonn sí ag sliosbhóthar Acomhal 3 (Baile Bhlainséir/Mullach Eadrad) ó dheas ón N3 agus leanann sí ar aghaidh feadh Bhóthar Bhaile Bhlainséir Theas/an R121 isteach in Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir. Ó láthair ceann turais nua siar ó thuaidh ó Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir, leanann an Scéim bealach isteach ar Bhóthar na hUaimhe/an N3 trí acomhal Bhóthar Snugborough, agus leanann sí an N3 agus Bóthar na hUaimhe chomh fada leis an acomhal le Seanbhóthar na Cabraí, agus leanann sí bealach ansin feadh Sheanbhóthar na Cabraí, Shráid na Prúise, Shráid an Mhainéir agus Bhóthar na gCloch go dtí an t-acomhal le Sráid an Rí Thuaidh. Leanann an Chroíchonair Bus bealach ansin feadh Phlás Blackhall chomh fada leis an acomhal le Cé Ellis/Cé Árann, a bhfuil gach ceann díobh lonnaithe i gContae Bhaile Átha Cliath agus laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó de limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall, a bhfuil na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, i gceist leo:

- 21.2 km (déthreo) de bhonneagar tosaíochta bus agus de bhainistíocht tráchta;
- 17.1 km (san iomlán sa dá threo) de bhonneagar rothaíochta agus de shaoráidí rothaíochta;
- Saoráidí nua/athchóirithe do choisithe agus cosáin nua/athchóirithe a sholáthar feadh na scéime, agus oibreacha coimhdeacha gaolmhara a sholáthar;
- 41 uasghrádú acomhail agus oibreacha coimhdeacha gaolmhara a sholáthar;
- 32 cheann nua/athchóirithe de shaoráidí taobhiontrála tábla ardaithe a sholáthar;
- Stadanna bus láithreacha a athchumrú, a fhágfaidh go mbeidh 57 saoráid stad bus nua ann;
- Cómhalartú Bus nua a sholáthar, arb é a bheidh ann ná sé bhá bordála agus sé bhá tuirlingthe;
- Oibreacha Ríochta Poiblí, lena n-áirítear tírdhreachú, cur, troscán sráide, soilsiú sráide, ballaí coinneála, ballaí teorann agus bearta draenála uirbí inbhuanaithe;
- Oibreacha talún a bhaineann le bóithre, lena n-áirítear ábhar do-ghlactha a thochailt, ábhar a allmhairiú agus ábhair a stóráil go sealadach;
- Pábháil bhóthair, comharthaíocht, línéail agus oibreacha coimhdeacha a sholáthar;
- Geataí, fálta agus oibreacha cóireála teorann a sholáthar;
- Bonneagar draenála nua agus claonta a sholáthar;
- Fóntais agus seirbhísí a chlaonadh, lena n-áirítear oibreacha coimhdeacha gaolmhara; agus
- Oibreacha cóiríochta a thógáil, lena n-áirítear oibreacha cóireála teorann agus oibreacha coimhdeacha grádaithe agus tírdhreachaithe;

mar aon leis na hoibreacha coimhdeacha agus iarmhartacha uile a bhaineann leo sin.

tá tréimhse bhreise ama á soláthar chun na gcríoch seo:
(i) cóip de dhoiciméid an iarratais, den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus den Ráiteas Tionchair Natura a iniúchadh;
(ii) cóip den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (nó cuid/codanna di) agus/nó den Ráiteas Tionchair Natura a cheannach; agus,
(iii) aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh,
ón **8 Meán Fómhair 2022 go dtí an 3 Samhain 2022**.

Léirítear ar an léarscáil a ghabhann leis seo suíomh na forbartha bóthair beartaithe. Mar atá luaite san fhógra a foilsíodh an 30 Meitheamh 2022, chuir an tÚdarás Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta faoi bhráid an Bhoird i ndáil leis an bhforbairt bhóthair bheartaithe agus cuireadh Ráiteas Tionchair Natura faoi bhráid an Bhoird freisin.

Tá an tréimhse bhreise ama seo le haghaidh iniúchadh agus le haghaidh aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh á soláthar chun a chinntiú go mbeidh an pobal in ann rannpháirtíocht iomlán éifeachtach a ghlacadh ann toisc gur tháinig sé ar aird an Údaráis Náisiúnta Iompair gurb amhlaidh, de dheasca earráid riaracháin, nach raibh na fíoracha ó Fhíor 6.1 go 6.12 in Imleabhar 3 den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ar fáil lena n-iniúchadh ar an suíomh Gréasáin de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair don Scéim Croíchonair Bus ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach le linn na tréimhse roimhe le haghaidh iniúchadh agus le haghaidh aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh, ar tréimhse í a tháinig chun deiridh an 30 Lúnasa 2022 (cé go raibh na fíoracha sin ar fáil lena n-iniúchadh (i) in oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair, (ii) in oifigí an Bhoird Pleanála, agus (iii) ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Pleanála ag https://www.pleanala.ie/en-ie/case/313892). Tá an earráid sin réitithe anois ar shuíomh Gréasáin an Údaráis don Scéim Croíchonair Bus ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach (www.blanchardstownscheme.ie).

Dá bhrí sin, féadfar aighneachtaí/tuairimí maidir leo seo a dhéanamh i scríbhinn chuig **An Bord Pleanála (Rannóg Bonneagair Straitéisigh), 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902**:

- na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bhóthair bheartaithe ar an gcomhshaol, má dhéantar í;
- impleachtaí na forbartha bóthair beartaithe, má dhéantar í, do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe sa limistéar ina mbeartaítear an fhorbairt bhóthair bheartaithe a shuíomh; agus
- na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bhóthair bheartaithe ar láithreán Eorpach

chun go sroichfidh siad an Bord sin **tráth nach déanaí ná 5:30pm an 3 Samhain 2022].**

Ní foláir táille €50 a bheith ag gabháil le haon aighneachtaí/tuairimí. Faoi mar atá amhlaidh i gcás an Fhógra roimhe, ní bheidh feidhm ag an táille sin maidir le comhlachtaí forordaithe áirithe, lena n-áirítear iad sin atá sonraithe in alt 51(3)(b) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), ná maidir le húinéirí talún agus daoine eile a bhfuil leas dlíthiúil acu i dtalamh is ábhar d'Ordú Ceannaigh Éigeantaigh na Scéime Croíchonair Bus ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach, 2022.

Féadfar aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Pleanála freisin ag an seoladh seo a leanas:

https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation.

Féadfar cóip de dhoiciméid an iarratais, den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus den Ráiteas Tionchair Natura a fheiceáil ag na suíomhanna seo a leanas ar laethanta oibre le linn na n-uaireanta oscailte atá liostaithe thíos ón **8 Meán Fómhair 2022 go dtí an 3 Samhain 2022:**

**An tÚdarás Náisiúnta Iompair**
**Dún Scéine**
**Lána Fhearchair**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 WT20**

**Uaireanta Oscailte**
**9:15am go 4:00pm ó Luan go hAoine**

**An Bord Pleanála,**
**64 Sráid Maoilbhríde,**
**Baile Átha Cliath 1,**
**D01 V902**

**Uaireanta Oscailte**
**9:15am go 5:30pm ó Luan go hAoine**

Chomh maith leis sin, féadfar cóip de dhoiciméid an iarratais, den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus den Ráiteas Tionchair Natura a iniúchadh agus a íoslódáil saor in aisce ar an suíomh Gréasáin de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair don Scéim Croíchonair Bus ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach ag:

**www.blanchardstownscheme.ie**

Féadfar cóip den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) (nó cuid/codanna di) agus/nó den Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a cheannach ón Údarás Náisiúnta Iompair ach na táillí seo a leanas a íoc:


| | | |
|---|---|---|
| Imleabhar 1 den EIAR | Achoimre Neamhtheicniúil | €15 |
| Imleabhar 2 den EIAR | An Príomhthéacs | €150 |
| Imleabhar 3 den EIAR | Figiúirí EIAR | €200 |
| Imleabhar 4 den EIAR | Aguisíní EIAR | €150 |
| NIS | Ráiteas Tionchair Natura | €90 |

**ón 8 Meán Fómhair 2022 go dtí an 3 Samhain 2022.**

Féadfar iarrataí ceannaigh den sórt sin a sheoladh chuig **An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, D02 WT20**, nó chuig info@busconnects.ie nó féadfar iad a dhéanamh ach glao a chur ar **1800 303 653**.

Dátaithe 8 Meán Fómhair 2022

Aidan Gallagher
Ceann Bhonneagar BusConnects Bhaile Átha Cliath
An tÚdarás Náisiúnta Iompair



NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority | BUS CONNECTS SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY | Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

**NOTICE OF A FURTHER PERIOD OF TIME FOR THE MAKING OF SUBMISSIONS RELATING TO THE BLANCHARDSTOWN TO CITY CENTRE CORE BUS CORRIDOR SCHEME PURSUANT TO 51(3) OF THE ROADS ACT 1993 (AS AMENDED)**

# BLANCHARDSTOWN TO CITY CENTRE CORE BUS CORRIDOR SCHEME

Further to the Notice published on 30 June 2022 pursuant to Section 51(3)(a) of the Road Act 1993 (as amended) in relation to the Blanchardstown to City Centre Core Bus Corridor Scheme advising that the National Transport Authority (NTA) had applied under section 51(2) of the Roads Act 1993 (as amended) to An Bord Pleanála ('the Board') for approval in relation to a proposed road development consisting of:

The construction of Blanchardstown to City Centre Core Bus Corridor Scheme which has an overall length of approximately 10.9km, and commences at Junction 3 (Blanchardstown/Mulhuddart) southbound off-slip from the N3 and proceeds along the R121 Blanchardstown Road South into the Blanchardstown Shopping Centre. From a new terminus to the north-west of Blanchardstown Shopping Centre, the Scheme is routed onto the N3 Navan Road via Snugborough Road junction and follows the N3 and Navan Road as far as the junction with the Old Cabra Road, then routed along the Old Cabra Road, Prussia Street, Manor Street and Stoneybatter to the junction with King Street North. The Core Bus Corridor is then routed via Blackhall Place as far as the junction with Ellis Quay/Arran Quay, all in the County of Dublin and within the Dublin City Council (DCC) and Fingal County Council (FCC) administrative areas, comprising inter alia:

- 21.2km (two-way) of bus priority infrastructure and traffic management;
- 17.1km (total both directions) of cycling infrastructure and facilities;
- Provision of new/refurbished pedestrian facilities and footpaths along the scheme and associated ancillary works;
- Provision of 41 junction upgrades and associated ancillary works;
- Provision of 32 new/refurbished raised table side entry facilities;
- Reconfiguration of existing bus stops resulting in 57 number new bus stop facilities;
- Provision of a new Bus Interchange consisting of 6 boarding bays and 6 drop-off bays;
- Public Realm works including landscaping, planting, street furniture, street lighting, retaining walls, boundary walls and sustainable urban drainage (SUDs) measures;
- Roads associated earthworks including excavation of unacceptable material, importation of material, temporary storage of materials;
- Provision of road pavement, signing, lining and ancillary works;
- Provision of gates, fencing and boundary treatment works;
- Provision of new and diverted drainage infrastructure;
- Diversion of utilities and services including associated ancillary works; and
- Construction of accommodation works including boundary treatment and ancillary grading and landscaping works;

together with all ancillary and consequential works associated therewith.

A further period of time is being provided for:
(i) the inspection of the application documentation, Environmental Impact Assessment Report and the Natura Impact Statement;
(ii) the purchase of a copy of the Environmental Impact Assessment Report (or part(s) thereof) and/or the Natura Impact Statement; and,
(iii) the making of submissions/observations,
from **8th September 2022 to 3rd November 2022**.

The location of the proposed road development is illustrated in the accompanying map. As stated in the notice published on 30 June 2022, the NTA has submitted to the Board an Environmental Impact Assessment Report in respect of the proposed road development and a Natura Impact Statement has also been submitted to the Board.

This further period of time for inspection and for the making of submissions/observations is being provided so as to ensure full and effective public participation as it has come to the National Transport Authority's attention that due to an administrative error Figures 6.1 to 6.12 in Volume 3 of the Environmental Impact Assessment Report were not available for inspection on the NTA website for the Blanchardstown to City Centre Core Bus Corridor Scheme during the previous period for inspection and for the making of submissions/observations that ended on 30 August 2022 (although these figures were available for inspection at (i) the offices of the NTA, (ii) the offices of An Bord Pleanála and (iii) on the website of An Bord Pleanála at https://www.pleanala.ie/en-ie/case/313892). This error has now been rectified on the NTA website for the Blanchardstown to City Centre Core Bus Corridor Scheme (www.blanchardstownscheme.ie).

Therefore, submissions/observations may be made in writing to **An Bord Pleanála (Strategic Infrastructure Division), 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902** in relation to:

- the likely effects on the environment of the proposed road development if carried out;
- the implications of the proposed road development, if carried out, for proper planning and sustainable development in the area in which it is proposed to situate the proposed road development; and
- the likely significant effects of the proposed road development on a European site

so as to reach the said Board **not later than 5:30pm on 3rd November 2022.**

Any submissions/observations must be accompanied by a fee of €50. As with the previous Notice, this fee will not apply to certain prescribed bodies including those specified in section 51(3)(b) of the Roads Act 1993 (as amended) or to landowners and others with a legal interest in land which is the subject of the Blanchardstown to City Centre Core Bus Corridor Compulsory Purchase Order 2022.

Submissions/observations can also be made on the An Bord Pleanála website at the following address:

https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation.

A copy of the application documentation, Environmental Impact Assessment Report and the Natura Impact Statement may be seen at the following locations on working days during the opening hours listed below from **8th September 2022 to 3rd November 2022**:

**National Transport Authority**
**Dún Scéine**
**Harcourt Lane**
**Dublin 2**
**D02 WT20**

**Opening Hours**
**Monday to Friday 9:15am to 4:00pm**

**An Bord Pleanála,**
**64 Marlborough Street,**
**Dublin 1,**
**D01 V902**

**Opening Hours**
**Monday to Friday 9:15am to 5:30pm**

A copy of the application documentation, Environmental Impact Assessment Report and Natura Impact Statement may also be inspected and downloaded free of charge at the National Transport Authority website for the Blanchardstown to City Centre Core Bus Corridor Scheme at:

**www.blanchardstownscheme.ie**

A copy of Environmental Impact Assessment Report (EIAR) (or part(s) thereof) and/or the Natura Impact Statement (NIS) may be purchased from the National Transport Authority on payment of the following fees:

| | | |
|---|---|---|
| EIAR Volume 1 | Non-Technical Summary | €15 |
| EIAR Volume 2 | Main Text | €150 |
| EIAR Volume 3 | EIAR Figures | €200 |
| EIAR Volume 4 | EIAR Appendices | €150 |
| NIS | Natura Impact Statement | €90 |

**from 8th September 2022 to 3rd November 2022.**

Such purchase requests may be sent to **National Transport Authority, Dún Scéine, Harcourt Lane, Dublin 2, D02 WT20** or info@busconnects.ie or by calling **1800 303 653**.

Dated this 8th day of September 2022

Aidan Gallagher

Head of BusConnects Dublin Infrastructure
National Transport Authority

